



Treoir le scoil néara-ionchuimsitheach a chruthú

Is minic a chaitear go difriúil le páistí uathacha agus néara-éagsúla inár scoileanna. Ar an drochuair, bíonn drochthionchar aige seo ar fhéiniomhá agus ar fhéinurraim s’acu. Tarlaíonn sé seo go minic fiú agus dea-thoil ann.

Ag cothú caidrimh – Tá sé riachtanach go mothaíonn páistí agus déagóirí uathacha sábháilte, cothrom agus go bhfuil fáilte rompu ina scoil féin. Ciallaíonn sé seo go bhfuil gach ball foirne eolach ar néara-éagsúlacht agus nach bhfuil siad ag claoí le smaointe agus cleachtais díobhálacha, as data cosúil le laguithe agus cur chuige iompraíoch. Tá athrú sciobtha ag tarlú i bhfabhar cur chuige atá ag dearbhú néara-éagsúlachta.

Ciallaíonn sé sin chomh maith go gcaithfidh piaraí agus tuismitheoirí a bheith eolach ar an néara-éagsúlacht agus go gcaithfear éiteas scoile a chothú atá oscailte don ilíocht.

Seo roinnt teoracha a thabharfaidh slat tomhais ar an tuiscint atá agaibh mar scoil ar an néara-éagsúlacht agus ar an ionchuimsiú.

Smaointe díobhálacha	Cur chuige atá ag dearbhú néara-éagsúlachta
Éireoidh páistí cleachtaithe le mothúlacht sna céadfaí	An timpeallacht a chur in oiriúint, cosaintoirí cluaise, lionsaí daite a chaitheamh πl
Neamhaird a dhéanamh ar iompair aird-éilitheach Duaiseanna/Luachanna saothair Traenáil i scileanna sóisialta (ag múnlú iompair)	Tuiscint go bhfuil aird nó ceangail de dhíth ar an bpáiste Fadhb-réiteach comhoibríoch Ag comhoibriú ar chúrsaí Ionbhá Dúbailte
Gurb é an t-uathachas is cúis le hiompar dúshlánach Gur iompar sriantach, athriallach uathach é an spreagáil (stimming) Níl tuiscint nadúrtha ag páistí uathacha ar iompar Gur iompar uathach é cloigeann bhualadh agus iompraíochtaí féindhíabhálacha	Ag aithint anacra, buartha agus tráma Is iompair daonna é an spreagáil a bhfuil ar a laghad 8 bhfeidhm thábhachtach aige Meas a léiriú ar an gcumarsáid uathach agus comharthaí anacra agus géarchéime a aithint Is comharthaí anacra daonna iad a léiríonn gá le ceangail agus le hionchuimsiú
Nach dtig le daoine uathacha neamhbhriathartha cumarsáid a dhéanamh ná tuiscint a bheith acu	Caithfidh daoine uathacha neamhlabhartha fáil a bheith acu ar AAC – cumarsáid daingean
Píosáí míreanna mearaí, Las Suas Gorm é, Teanga a chuireann Duine ar dTús (PFL)	Siombail na néara-éagsúlachta, Néarabhród, Ór, Teanga a chuireann Aitheantas ar dTús (IFL)

Ag cothú caidreamh le daltaí uathacha

Bíonn ceangail de dhíth ar gach duine, daoine uathacha san aireamh. Is minic a chuartaíonn siad caidrimh le baill foirne, píoraí agus daoine eile ach ar an drochuair is minic a diúltaítear dóibh.

Mar thoradh ar dhiúltiú sóisialta leanúnach, thig leis an duine uathach éirí mothálach faoi dhiúltiú. D'fhéadfaí go mbreathnófaí air seo mar 'dul thar fóir' ag daoine nach bhfuil taithí acu ar phian an diúltaithe shóisialta. Ta sé tábhachtach go ndearbhaítear eispéiris daoine uathacha seachas beag a dhéanamh díobh mar go gcruthaíonn sé seo níos mó fulaingte.

Caithfear mothúlacht sna céadfaí a dhearbhu agus dul i ngleic leo láithreach bonn. Tá táirseach ag gach duine ar ionchur céadfach- mothúchánach. Níor chóir go mbeifí ag dúil le páistí uathacha 'déileáil leis' seo mar is eispéireas pianmhar é.

Freagraí Dearbhaithe	Freagraí Neamhdhearbhaithe
Cloisim thú, feicim thú	Stop de bheith ag dul thar fóir
Feicim go bhfuil sé sin iomarcach duit – athróimis é sin	Níl sé róghnóthach/thorannach
Caithfidh go ngortaíonn sé thú nuair a deir siad 'ní hea' leat	Gheobhaidh tú duine eile le bheith ag súgradh leat
Bím inníoch faoi rudaí mar sin freisin	Ní gá inní ar bith a bheith ort
Seo cosaintoirí cluaise duit	Níl sé torannach
Thig le hathraithe a bheith deacair go háirithe nuair a bhíonn inní ort	Caithfidh tú foghlaim go bhfuil an saol neamhthuarach
Tógaimis sos	Caithfidh tú an tasc seo a chríochnú

Cad é mar a chothaímid caidreamh le daltaí uathacha?

Múinín a chothú – tuiscint a bheith acu go mbítear i gcónaí ann dóibh
A bheith leo le chomhbhá agus le tuiscint seachas breithmheas
Do chlaonadh fochomhfhiosach a sheiceáil
Éirí eolach ar shuimeanna s'acu
Foghlaim faoina gcuid spreagálacha (stims) agus na rudaí a insíonn siad dúinn
Glacadh le dearcadh s'acu
Glac leis go bhfuil siad inniúil
Eispéiris s'acu a dhearbhu
Éisteacht leo
Iad a bheith rannpháirteach i gcomhrá futhu

Tuilleadh eolais ar an gcur chuige atá ag dearbhú néara-éagsúlachta agus ar scoileanna ionchuimsitheacha ar fáil ag www.ausometraining.com